# Comh-Phlean Straitéiseach Sheirbhís Phríosúin na hÉireann & na Seirbhíse Promhaidh 2013-2015



Arna fhoilsiú Bealtaine 2013

## Réamhráiteas

Tá tiomantas i gClár an Rialtais 2011 – 2016 comhordú níos fearr a chinntiú idir Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an tSeirbhís Phromhaidh le clár bainistíochta ciontóirí comhtháite a chruthú.

Tá dlúthobair déanta ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus ag an tSeirbhís Phromhaidh le go leor blianta, chun cuidiú le príosúnaigh a mbaol athchiontaithe a laghdú agus cur go dearfach lena bpobail, trí phianbhreitheanna a bhainistiú go forghníomhach agus cláir athlonnaithe príosúnach a chur ar fáil.

Leagtar amach plean straitéiseach idirghníomhaireachta sa cháipéis seo maidir leis an tslí a leanfaidh an dá eagraíocht ar aghaidh lenár gcomhoibriú a fhorbairt agus a chomhordú, i gcomhar lenár gcomhpháirtithe reachtúla agus agus ár gcomhpháirtithe san earnáil phobail agus dheonach, le torthaí inár gcomhchuspóirí a fheabhsú tuilleadh, chun cuidiú le hÉirinn níos sábháilte agus níos cothroime a chruthú.

***Michael Donnellan,***
**An tArd-Stiúrthóir,**
**Seirbhís Phríosúin na hÉireann**

***Vivian Geiran,***
**An Stiúrthóir,**
**An tSeirbhís Phromhaidh**

**Bealtaine 2013**

# Comh-Phlean Straitéiseach Sheirbhís Phríosúin na hÉireann & na Seirbhíse Promhaidh

# 2013-2015

## Clár an Rialtais 2011-2016

*Comhordú níos fearr a chinntiú idir Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an tSeirbhís Phromhaidh le clár bainistíochta ciontóirí comhtháite a chruthú.*

## Ár gCuspóir Straitéiseach

*Forbróidh Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an tSeirbhís Phromhaidh cur chuige ilghníomhaireachta maidir le ciontóirí a bhainistiú agus athinniúlú roimh phríosúnacht go hiar-phríosúnacht chun athchiontú a laghdú agus torthaí príosúnach a fheabhsú.*

## An Timpeallacht ina bhFeidhmímid

Bainistíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an tSeirbhís Phromhaidh araon orduithe na gCúirteanna Coiriúla a thugtar i leith ciontóirí ciontaithe.

Is é obair na Seirbhíse Promhaidh ciontóirí den sórt sin a bhainistiú sa phobal agus is é obair Sheirbhís Phríosúin na hÉireann iad sin a chuirtear sa phríosún a bhainistiú, ar an gcéad dul síos.

Is é an phríomhaidhm atá ag an dá eagraíocht sábháilteacht an phobail a chothabháil trí chiontú na ndaoine sin faoina gcúram a laghdú. Tá pianbhreitheanna de thréimshsí faoi choimeád agus tréimhsí faoi mhaoirseacht sa phobal i ndiaidh dóibh a ligean amach á ngearradh níos mó agus níos mó ar chiontóirí.

Tá riachtanais agus rioscaí coirigineacha comhchosúla i gceist don chuid is mó dóibh siúd a chuirtear i bpríosún, agus dóibh siúd a ngearrtar pionóis orthu sa phobal. Tá easpa fostaíochta, mí-úsáid alcóil agus drugaí, meonta agus comrádaithe frithshóisialta, deacrachtaí mothúchánacha agus pearsanta, droch-ghnóthachtáil oideachais, fadhbanna teaghlaigh, agus easpa tithíochta nó cóiríochta chun tosaigh orthu sin. Is minic a bhíonn baint ag ilriachtanais den sórt sin lena chéile agus go dtreisíonn siad a chéile.

Tá sé riachtanach maidir le hidirghabhálacha dírithe ar chiontóirí go spreagfadh gníomhaireachtaí ceartais choiriúla agus neamhchoiriúla araon cur chuige ilghníomhaireachta a fhorbairt maidir le fadhbanna a réiteach trí dhíriú ar chiontóirí agus ní ar chionta. Tá sé níos dóchúla go mbeadh cur chuigí a théann i ngleic leis an raon riachtanas casta níos éifeachtaí ná díriú ar shaincheisteanna aonair astu féin.

Teastaíonn ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus ón tSeirbhís Phromhaidh lena gcomhiarrachtaí aghaidh a thabhairt ar chúrsaí d'iompar ciontaithe leanúnach, a chuireann brú mór ar acmhainní náisiúnta, go háirithe trí phlódú i bpríosúin, comhpháirtithe a thabhairt le chéile chun freagairtí a oibreoidh a fhorbairt agus a sheachadadh.

Caithfidh acmhainní pobail naisc láidre a bheith acu le príosúin le go bhféadfar dul i mbun oibre go luath, ag cur le hinspreagadh agus ag pleanáil le haghaidh daoine a scaoileadh amach as príosún.

| Seibhís Phríosúin na hÉireann & an tSeirbhís Phromhaidh | | |
|---|---|---|
| **Ár nGníomhartha Straitéiseacha** | | |
| | **Gníomhartha** | **Torthaí Straitéiseacha** |
| 1 | **Leanúntas Pianbhreitheanna a bhainistiú – Oibreoimid chun bainistiú pianbhreitheanna roimh phríosúnacht go hiar-phríosúnacht a fheabhsú ar shlí a éascóidh torthaí níos fearr do phríosúnaigh.** | Torthaí athlonnaithe agus athimeasctha níos fearr do phríosúnaigh.<br><br>Leibhéal athchiontaithe laghdaithe. |
| 2 | **Filleadh ar an bPobal – leanfaimid leis an gClár um Fhilleadh ar an bPobal a leathadh amach go náisiúnta in 2013.** | Líon níos mó príosúnach ag baint tairbhe as scaoileadh sealadach struchtúrtha<br><br>Torthaí athlonnaithe agus athimeasctha níos fearr<br><br>Sábháilteacht níos fearr don phobal |
| 3 | **Beimid ag iarraidh treoirchlár tacaíochta a bhunú do phríosúnaigh faoi phianbhreitheanna gearrthéarmacha.** | Laghdú i ráthaí athchiontaithe i measc príosúnach faoi phianbhreitheanna gearrthéarmacha<br><br>Torthaí athlonnaithe agus athimeasctha níos fearr<br><br>Sábháilteacht níos fearr don phobal |
| 4 | **Tionscnaimh i gCorcaigh agus i Luimneach – forbróimid tionscnaimh shainiúla d'athimeascadh príosúnach i gCorcaigh agus i Luimneach** | Fáil níos mó ar chláir um scaoileadh struchtúrtha sa phobal le cuidiú le hathimeascadh príosúnach nuair a scaoilfear amach as príosún iad<br><br>Torthaí athlonnaithe agus athimeasctha níos fearr do phríosúnaigh<br><br>Leibhéil níos lú de phlódú |
| 5 | **Banchiontóirí – forbróimid straitéis shainiúil chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais banchiontóirí** | Torthaí athlonnaithe agus athimeasctha níos fearr |
| 6 | **Ógchiontóirí – forbróimid straitéis shainiúil chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais ógchiontóirí** | Socruithe cásbhainistíochta agus tréchúraim níos fearr.<br><br>Córais agus cláir phríosúnbhunaithe níos fearr agus aoisoiriúnach nó go n-aistreofar daoine 17 bliain d'aois faoi choinneáil go SECAO. |
| 7 | **Cuirfimid leis an gcomhoibriú idir an dá ghníomhaireacht chun bailiú agus foilsiú sonraí agus eolas staidrimh a fheabhsú.** | Anailís a dhéanamh ar rátaí agus ar threochtaí atitimeachais agus iad a nuashonrú go bliantúil<br><br>Cumas cionroinnt acmhainní a phleanáil níos fearr |

## Gníomh Straitéiseach 1: Leanúntas Pianbhreitheanna a Bhainistiú

**Oibreoimid chun bainistiú pianbhreitheanna roimh phríosúnacht go hiar-phríosúnacht a fheabhsú ar shlí a éascóidh torthaí níos fearr do phríosúnaigh**

| Gníomhartha | Freagracht |
|---|---|
| **Cuirfidh SPE agus an SP creat ar fáil le dul i mbun teagmhála le comhpháirtithe reachtúla agus deonacha le cláir chun aghaidh a thabhairt ar athimeascadh príosúnach sa phobal a fhorbairt agus a sheachadadh.** | An Stiúrthóireacht um Chúram agus Athinniúlú, SPE<br>An Stiúrthóir Cúnta, Oibríochtaí, SP. |
| **Forbróimid sceideal clár do chiontóirí a chuirfear ar fáil i bpríosún chun athchiontú a laghdú.** | SPE agus SP |
| **Beimid ag iarraidh, trí shocruithe tréchúraim iomchuí, líon na dtorthaí teiripeacha a bhaineann príosúnaigh amach a uasmhéadú trí rannpháirtíocht i gcláir iar-phríosúin.** | SP |
| **Feabhsóimid, i gcomhar le húdaráis áitiúla agus an Roinn Coimirce Sóisialaí agus trí shocruithe cómhaoinithe, riachtanais chóiríochta tréchúraim príosúnach sula scaoilfear amach as príosún iad.** | SPE agus SP |

## Gníomh Straitéiseach 2: Filleadh ar an bPobal

**Leanfaimid leis an gClár um Fhilleadh ar an bPobal a leathadh amach go náisiúnta in 2013**

| Gníomhartha | Freagracht |
|---|---|
| **Tá sé mar aidhm againn 300 príosúnach a mbeidh pianbhreitheanna 1-8 bliain á gcur isteach acu a scaoileadh amach ar an gclár.** | Aonad um Fhilleadh ar an bPobal SPE/SP |
| **Forbróimid socruithe cómhaoinithe le líon na gclár struchtúrtha ar fáil sa phobal a uasmhéadú** | Aonad um Fhilleadh ar an bPobal SPE/SP |
| **Bunóimid tionscadal um Fhilleadh ar an bPobal i Halla Thornton:**<br>- **Cuirfimid an obair láithreáin riachtanach i gcrích trí Pháirtí Oibre Príosúin a shannadh faoi Mhárta, 2013.**<br>- **Rachaimid i mbun measúnaithe ar an láithreán agus na tithe amuigh leis an obair a bheidh le déanamh ionas go mbeidh an tionscadal in ann é a úsáid a mheasúnú.**<br>- **Forbróimid tionscadal gairneoireachta le bheith bunaithe faoin earrach 2013.** | Aonad um Fhilleadh ar an bPobal SPE/SP |

## Gníomh Straitéiseach 3: Tacaíocht do Phríosúnaigh faoi Phianbhreitheanna Gearrthéarmacha

**Beimid ag iarraidh treoirchláir tacaíochta a bhunú do phríosúnaigh faoi phianbhreitheanna gearrthéarmacha.**

| Gníomhartha | Freagracht |
| --- | --- |
| **Beimid ag iarraidh, i gcomhar, treoirchonarthaí bunaithe ar thorthaí a bhunú le heagraíochtaí pobalbhunaithe chun cláir thacaíochta a chur ar fáil do phríosúnaigh faoi phianbhreitheanna gearrthéarmacha (a bhfuil pianbhreitheanna suas go 12 mí á gcur isteach acu), ag tosú i bpríosún, ach go háirithe nuair a scaoilfear amach iad, chun athchiontú a laghdú agus chun a chur ar a gcumas athimeascadh ina bpobail.** | Stiúrthóir SP,<br>An Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha, SPE |

## Gníomh Straitéiseach 4: Corcaigh agus Luimneach

**Forbróimid tionscnaimh shainiúla d'athimeascadh príosúnach i gCorcaigh agus i Luimneach chun cur le líon na gclár tacaíochta agus na gclár um scaoileadh struchtúrtha sa phobal chun cuidiú le hathimeascadh príosúnach nuair a scaoilfear amach as príosún iad**

| Gníomhartha | Freagracht |
|---|---|
| **Corcaigh:**<br>**-Leanfaimid ar aghaidh leis na gníomhartha inár straitéis a bhaineann go sainiúil le Corcaigh "*Unlocking Community Alternatives – A Cork Approach*" a chur i bhfeidhm.**<br><br>**-Déanfaimid oibrí tacaíochta príosúnach a mhaoiniú le haghaidh Príosún Chorcaí a bheidh mar nasc idir an príosún agus an pobal do phríosúnaigh gearrthéarmacha.** | Gobharnóir Phríosún Chorcaí / Bainisteoir Réigiúnach na Seirbhíse Promhaidh<br><br>Aonad um Fhilleadh ar an bPobal SPE/SP |
| **Luimneach:**<br><br>**-Feabhsóimid úsáid socrúcháin um Filleadh ar an bPobal i Luimneach;**<br><br>**-Feabhsóimid páirtíocht phobail sula scaoilfear príosúnaigh amach as príosún agus tar éis iad a scaoileadh amach.** | Gobharnóir Phríosún Luimnigh / Bainisteoir Réigiúnach na Seirbhíse Promhaidh<br><br>Aonad um Fhilleadh ar an bPobal SPE/SP |

## Gníomh Straitéiseach 5: Banchiontóirí

**Forbróimid straitéis shainiúil chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais banchiontóirí**

| Gníomhartha | Freagracht |
|---|---|
| **Forbróimid straitéis lena gcinnteofar freagairt níos spriocdhírithe do bhanchiontóirí, lena n-áirítear:** | Grúpa Straitéiseach comhdhéanta de SPE, an SP, FSS agus an Fheidhmeannacht um Dhaoine ar Easpa Dídine. |
| **-mná atá i mbaol pianbhreith choimeádta a fháil a aithint agus iad a atreorú trí níos mó pionós agus tacaíochtaí pobail agus atreoraithe a bheith ar fáil agus á n-úsáid ag an SP agus trí chomhoibriú idirghníomhaireachta;** | |
| **-bearta luath-idirghabhála a neartú sa phobal trí chur chuige ilghníomhaireachta comhordaithe a ghlacadh;** | An tSeirbhís Phromhaidh |
| **-torthaí a fheabhsú do mhná atá faoi choimeád i láthair na huaire; agus** | SPE |
| **-poitéinseal roghanna eile seachas coimeád a bheadh banlárnach a fhiosrú.** | SP |
| **-forbróimid saoráid céim síos oiriúnach le haghaidh banchiontóirí.** | SPE agus SP |
| **-cuirfimid le comhoibriú leis an earnáil phobail agus dheonach.** | SPE agus SP |

## Gníomh Straitéiseach 6: Ógchiontóirí

**Forbróimid straitéis shainiúil chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais ógchiontóirí**

| Gníomhartha | Freagracht |
|---|---|
| **Cuirfimid Straitéis maidir le hÓgchiontóirí i bhfeidhm trí chomhoibriú agus obair ildisciplíneach níos fearr, lena mbeifear ag iarraidh, i measc nithe eile,:**<br><br>**-córais agus cláir phríosúnbhunaithe a bheidh aoisoiriúnach a thabhairt isteach i gcomhar le Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig nó go n-aistreofar daoine 17 bliain d'aois chuig an ngníomhaireacht sin.**<br><br>**-aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní uile a léirigh Cigire na bPríosún ina thuarascáil maidir le Foras Naomh Pádraig**<br><br>**-socruithe cásbhainistíochta agus tréchúraim níos fearr**<br><br>**-Tús Áite do Leanaí, an Treoir Náisiúnta2011, a a chur i bhfeidhm i bhForas Naomh Pádraig agus feadh eastát na bpríosún** | An Gobharnóir, Foras Naomh Pádraig<br><br>An Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha, SPE<br><br>An Stiúrthóir Cúnta, Oibríochtaí, SP. |

## Gníomh Straitéiseach 7: Anailís Staidrimh

**Cuirfimid leis an gcomhoibriú idir an dá ghníomhaireacht chun bailiú agus foilsiú sonraí agus Eolas Staidrimh a fheabhsú.**

| Gníomhartha | Freagracht |
|---|---|
| **Leanfaimid ar aghaidh ag obair leis an bPríomh-Oifig Staidrimh le Rátaí Atitimeachais cruinne a chur i dtoll a chéile a fhéadfar a úsáid chun tacú le hidirghabhálacha spriocdhírithe agus fianaise-bhunaithe.** | Aonaid Staidrimh – SPE/PS |
| **Fiosróimid deiseanna le staidrimh SPE/SP a chomhfhoilsiú.** | Aonaid Staidrimh – SPE/PS |

www.probation.ie

An tSeirbhís Phromhaidh,
Margadh an Fhéir,
Margadh na Feirme,
Baile Átha Cliath 7.
Teil:  + 353 (0)1 817 3600
Facs: + 353 (0)1 872 2737

www.irishprisons.ie

Seirbhís Phríosúin na hÉireann,
Páirc Gnó IDA,
Bóthar Bhéal Átha na Lao,
An Longfort, Co. an Longfoirt.
Teil: +353 43 33 35100
Facs: +353 43 33 35371